## SONRAÍ TEAGMHÁLA

| | |
|---|---|
| **PSNI** | **101** |
| **Seirbhísí Sóisialta**<br>Clúdaíonn Deoise an Dúin agus Choinnire ceithre cheantar ina bhfuil Iontaobhais Sláinte agus Chúraim Shóisialta | |
| **Iontaobhas Sláinte agus Chúraim Shóisialta Bhéal Feirste**<br>Cosaint Aosach, Cumhdach | **028 9504 1744** |
| **Iontaobhas Sláinte agus Chúraim Shóisialta an Oirdheiscirt**<br>Cosaint Aosach, Cumhdach | **028 9250 1227** |
| **Iontaobhas Sláinte agus Chúraim Shóisialta an Deiscirt**<br>Cosaint Aosach, Cumhdach | **028 3756 4423** |
| **Iontaobhas Sláinte agus Chúraim Shóisialta an Tuaiscirt**<br>Cosaint Aosach, Cumhdach | **028 9441 3659** |
| **Seirbhísí Sóisialta Réigiúnacha Lasmuigh de Ghnáthuaireanta (Gach Ceantar Iontaobhais)** Cosaint Aosach, Cumhdach | **028 9504 9999** |
| **Oifig Chumhdaigh An Dúin agus Choinnire**<br>120 Bóthar Cliftonville, Béal Feirste, BT14 6LA<br>Teagmhálaí Ainmnithe/Curadh Cumhdach Aosach | **028 9049 2798**<br>**office@soddc.org**<br>**028 9049 2798** |
| **NEXUS NI**<br>Comhairleoirí do Dhrochúsáid Ghnéasach/Fhoréigneach | **028 9032 6803**<br>**info@nexusinstitute.org** |
| **Líne Foréigean Baile agus Gnéasach** | **0808 802 1414**<br>**help@dsahelpline.org** |
| **Lifeline** Do dhaoine faoi chiapadh nó in éadóchas | **0808 808 8000** |
| **Action on Elder Abuse** | **0808 808 8141** |

Safeguarding Office
CATHOLIC DIOCESE OF DOWN AND CONNOR



# An próiseas i gcás amhras, buaireamh, eolas nó líomhain a bheith ann faoi chumhdach aosach.

Safeguarding Office
CATHOLIC DIOCESE OF DOWN AND CONNOR

Creideann Deoise An Dúin agus Choinnire go bhfuil sé tuillte ag aosaigh saol gan drochíde gan dúshaothrú a bheith acu.

Geallann an Deoise go gcaithfear le gach aosach leis an **DÍNIT** agus an **MEAS** ina bhun ar dhóigh a spreagann **COMHIONANNAS** agus **ÉAGSÚLACHT**.

Tá Teagmhálaí Ainmnithe ag an Deoise (Curadh Cumhdach Aosach (CCA) faoi Ghnáthaimh Chumhdach Aosach sa Roinn Sláinte). Is é an ról a bhíonn ag an duine seo seirbhís a sholáthar le líomhaintí a bhaineann le cumhdach aosach a phróiseáil agus a bhainistiú nuair a chuirtear ar a súile don Deoise iad.

Má bhíonn tú in amhras, buaireamh ort, eolas agat nó líomhain cloiste agat faoi ábhar cumhdach aosach, tá roghanna agat aird a thabhairt air. Féadtar dul chun cainte leo seo thíos:

1. **Na Péas (PSNI)**
2. **Na Seirbhísí Sóisialta**
3. **An Eaglais – tríd an Teagmhálaí Ainmnithe sa Deoise (TAD) / Curadh Cumhdach Aosach (CCA)**

*Tá na sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo. (Más taobh amuigh de ghnáthuaireanta oifige atá tú ag scairteadh, bain úsáid as uimhreacha teagmhála na seirbhísí reachtúla ar chúl na bileoige seo.)*

Má dhéanann tú teagmháil leis an Teagmhálaí Ainmnithe sa Deoise / Curadh Cumhdach Aosach, déánfar an méid seo thíos:

## 1. 1. Céim a hAon – EOLAS A BHAILIÚ

- An t-eolas is mian leat a thabhairt a bhailiú
- Agus an bailiú eolais ar siúl, cinnteoidh an TAD nach bhfuil an té a bhfuil tú buartha faoi i gcontúirt láithreach nó baol air
- Déanfar taifead scríofa den eolas (ní ráiteas foirmiúil é) agus sin a phlé leat lena chruinneas a chinntiú
- A mhíniú duit gur gá don TAD/CCA an t-eolas a thugann tú a chur chuig na Péas agus chuig na Seirbhísí Sóisialta nuair is gá.
- Tugtar faoi deara go bhfiosróidh na péas cúrsaí eile **NACH mBAINEANN** le cumhdach leanaí agus mar sin de, iarrfaidh an Teagmhálaí Ainmnithe ort aon eolas nua atá agat a roinnt.

## 2. Céim a Dó – TACAÍOCHT A SHOLÁTHAR

Más é gur thú féin ábhar an bhuairimh ó thaobh cumhdaigh de, soláthróidh an TAD/CCA tacaíocht duit chomh maith le heolas ar na heagrais chomhairleoireachta a bheidh in innimh an tacaíocht oiriúnach a thabhairt duit *(sonraí teagmhála ar chúl na bileoige seo)*.

## 3. Céim a Trí – CAD A THARLAÍONN ANOIS

Nuair a chuirtear an t-eolas ar aghaidh chuig PSNI/Seirbhísí Sóisialta, déanfaidh an TAD/CCA:

- An tEaspag a chur ar an eolas faoin líomhain a bheith curtha ar aghaidh chuig na heagrais reachtúla agus a chur in iúl dó gur cruthaíodh taifead comhaid uirthi.
- Teagmháil agus dul i gcomhairle ar bhonn leanúnach le PSNI agus leis na Seirbhísí Sóisialta lena chinntiú go scaiptear gach eolas ábhartha agus súil a choinneáil ar dhul chun cinn na bhfiosrúchán reachtúil agus tionchar ar bith a fhéadann a bheith ar an té a rinne an gearán. **(Ní bhíonn baint ag an TAD/CCA leis an fhiosrúchán reachtúil ar an chás.)**
- Teagmháil leis an duine a ndearnadh an líomhain faoi (freagróir). Aontófar an uair a dhéanfar an teagmháil sin leis an fhreagróir, chomh maith le hábhar na teagmhála, i gcomhar leis na Péas. Cuirfear in iúl ar an chruinniú a shocrófar:
  (i) Go ndearnadh líomhain in éadan duine agus má aontaíonn na húdaráis reachtúla é, fuasclófar ainm an té a rinne í.
  (ii) An t-eolas a thabharfar don fhreagróir más toil ar chor ar bith leis na húdaráis reachtúla é.

  *NB: Beidh deacrachtaí ar leith ag baint le líomhaintí ar leith agus féadann an próiseas seo a bheith fada sula gcríochnaítear é.*

## Agus muna mbíonn tú sásta faoin dóigh ar pléadh le do líomhain/do bhuaireamh, cad a tharlaíonn?

Muna mbíonn tú sásta faoin dóigh ar phléigh An Oifig Chumhdaigh le do líomhain nó le do bhuaireamh, is féidir do ghearán a dhéanamh i scríbhinn nó le r-phost chuig Stiúrthóir An Chumhdaigh, (sonraí ar chúl na bileoige seo).

Má bhaineann an gearán le Stiúrthóir An Chumhdaigh, féadtar teagmháil scríofa a dhéanamh le Seansailéir na Deoise.